

# Dínit an Bhróin

Freagraí Samplacha agus Ceisteanna Scrúdaithe





Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha**

**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**

Dínit an Bhróin

(i) 'Úsáideann an file codarsnacht chun iompar na mban a threisiú sa dán seo.' É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) Déan plé ar theicníc fhileata amháin a d'úsáid an file sa dán seo a chuaigh i bhfeidhm ort. (6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

Filíocht Ainmnithe (30 marc)

Dínit an Bhróin

(i) 'Tá léiriú an-spéisiúil ar an mbrón sa dán seo.' É sin a phlé. (15 mharc)


(ii) Déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as athrá sa dán seo. (6 mharc)

(iii) Cén chaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (9 marc)

**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**

**Dínit an Bhróin**

(i) Cad é príomhthéama an dáin 'Dínit an Bhróin', dar leat? Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú. (15 mharc)
(ii) Déan plé ar ghné amháin den dán a thaitin leat. (6 mharc)
(iii) Cén saghas duine é an file, an dóigh leat, tar éis duit an dán seo a léamh? (9 marc)



**Freagraí Samplacha**

**Déan plé ar íomhá amháin ón dán a thaitin leat.**

Is dán thar a bheith cumhachtach é an dán seo ina gcuirtear dhá íomhá shuntasacha i gcodarsnacht ghlan lena chéile. Sa chéad véarsa den dán, iarrann an file orainn breathnú ar íomhá láidir de 'b[h]eirt bhan/Ag siúl amach ó shlua/I bhfeisteas caointe dubh/Gan focal astu beirt' agus sa dara véarsa cuireann sé an bheirt bhan uaisle seo i gcomparáid le 'slua callánach mór' a thagann i dtír ó bhád beag. Tá gleo, fothrom agus 'caint ard' ag teacht ón slua mór seo.

Is aoibhinn liom an chéad íomhá den bheirt bhan uaisle. Is mná stuama, sollúnta iad na mná seo. Ciúin agus 'gan focal astu' ní lorgaíonn siad aird ar bith. In ainneoin go bhfuil siad 'i bhfeisteas caointe dubh' agus iad ag gluaiseacht trí shlua gan labhairt le duine ar bith, feiceann an file iad. Tá íoróin ag baint leis an íomhá seo den bheirt bhan toisc nach dteastaíonn uathu go bhfeicfidh aon duine iad, ach feiceann an file iad. San fhéachaint sin, tuigeann sé den chéad uair ina shaol go bhfuil uaisleacht agus dínit ag baint le hualach an bhróin. Thaitin an íomhá sin go mór liom mar is breá liom an paradacsa a bhaineann le rud éigin a fheiceáil nuair
nach bhfuil tú á lorg agus rud éigin a thuiscint nuair nach bhfuil dúil agat leis. Is íomhá chliste agus chumhachtach í, dar liom.

**Céard atá á rá ag an Direánach sa dán seo maidir le mothúcháin?**

Is dóigh liom féin gur dán an-chliste é an dán seo a iarrann ar an léitheoir féachaint as an nua ar mhothúcháin. De ghnáth, ceaptar gur drochrud é an brón. Bímid ag iarraidh éalú ón mbrón nó cuidiú lena chéile ionas nach mothaímid brónach. Tá eagla orainn roimh an mbrón, d'fhéadfaí a rá. Sa dán seo, áfach, léiríonn an file go bhfuil 'dínit' ag baint leis an mbrón.

Tá 'dínit mhór' ag baint leis an '[m]beirt bhan' a fheiceann an file ag tús an chéad véarsa. Bíonn eipeafáine ag an bhfile agus é ag breathnú orthu 'ag siúl amach ó shlua/I bhfeisteas caointe dubh'. Tuigeann sé agus é ag breathnú orthu gur rud uasal é an brón, nár chóir náire a bheith ar aon duine atá brónach agus nár chóir drochmheas a léiriú orthu siúd atá ag fulaingt tréimhsí brónacha.

Cuireann sé dínit na mban i gcomparáid leis an 'slua callánach' atá lán le 'gleo' agus 'caint ard'. Cé go bhfuil an chuma ar an slua seo go bhfuil siad sona, léiríonn an file go bhfuil gairsiúlacht agus amaideacht ag baint leo. Is teachtaireacht láidir í seo atá á cur in iúl ag an bhfile. Ní dea-rud i gcónaí an t-áthas agus ní drochrud i gcónaí an brón. Bíonn gá leis an dá mhothúchán ag tréimhsí áirithe sa saol agus tá sin nádúrtha agus sláintiúil.

**Dean plé ar an úsáid a bhaineann an file as siomblachas sa dán seo.**

Tá a lán siomblachais le haithint sa dán seo, rud a dhéanann an dán níos saibhre agus níos spéisiúla dá bharr.


Tá siomblachas ag baint leis an bhféachaint sa chéad líne den chéad véarsa. 'Nochtaíodh domsa tráth'. Is dán é seo faoi bhreathnú ar rudaí as an nua, trí shúile nua agus ar chaoi éagsúil. Is dán eipeafáineach é an dán a leagann beim ar shiomblachas na súl agus na radharcanna chun rudaí a thuiscint. Iarrann an Direánach orainn féachaint ar an saol ar bhealach éagsúil sa dán seo.

Tá siomblachas ag baint leis na héadaí dubha a chaitheann na mná sa chéad véarsa freisin. Agus iad 'i bhfeisteas caointe dubh' léiríonn siad ómós agus meas ar an tréimhse bhróin atá á caitheamh acu. Tá siad umhal, ag iarraidh cuimhneamh ar an duine muinteartha leo atá caillte. Léiríonn na héadaí seo dínit agus uaisleacht na mban.



Tá siomblachas ag baint leis an tost ón mbeirt bhan freisin. Ní lorgaíonn siad aird ar bith. ‘Gan focal astu beirt’ bogann siad amach ón slua leo féin. Tá comparáid ghlan idir sin agus an ‘slua callánach mór’ sa dara véarsa atá lán le ‘gleo’ agus ‘caint ard’. Tá an slua gairsiúil, lán le hamaideacht agus le heaspa tuisceana.

A mhalairt ar fad atá i gceist leis an mbeirt bhan. Tá siomblachas ag baint le ‘gleo’ an tslua atá lán le baothcaint. Ní thuigeann siad an saol mar a thuigeann na mná sa chéad véarsa, rud a aithníonn an file agus a bhfuil ardmheas aige air. Tá a lán siomblachais, mar sin, le haithint sa dán seo a chuireann le cumhacht agus brí an dáin.



# Idir na Línte

Foghlaim TG4